V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11193 — BAOSTEEL / SAUDI ARAMCO / PIF / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 303/03)

1. An 16 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. ('Baosteel', an tSín), cuideachta atá eagraithe agus atá ann faoi dhlíthe Dhaon-Phoblacht na Síne agus a liostaítear ar stocmhalartán Shang-hai (600019),

— Saudi Arabian Oil Company ('Saudi Aramco', an Araib Shádach), cuideachta faoi theorainn scaireanna a bunaíodh le Foraithne Ríoga Uimh. M/8 ó Ríocht na hAraibe Sádaí,

— Public Investment Fund ('PIF', Riyadh, an Araib Shádach), ciste infheistíochta Stáit de chuid na hAraibe Sádaí, a bunaíodh in 1971, agus a rialaítear faoi Dhlí Public Investment Fund a eisíodh de bhun Fhoraithne Ríoga Uimh. M/92 dar dáta an 12/08/1440H,

— Cuideachta chomhfhiontair monaraithe plátaí cruach comhtháite a cruthaíodh le déanaí ('JV Company', an Araib Shádach).

Gheobhaidh Baosteel, Saudi Aramco agus PIF rialú comhpháirteach ar JV Company de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Baosteel ag gabháil le monaraíocht, próiseáil agus dáileadh iarainn agus cruach, teicneolaíocht faisnéise, an tionscal carbóin agus gnó airgeadais den chuid is mó,

— Tá Saudi Aramco ag gabháil go príomha do shubstaintí hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéal, a dhruileáil agus a asbhaint agus na substaintí sin a phróiseáil, a mhonarú, a scagadh agus a mhargú,

— Is ciste infheistíochta Stáit é PIF a bhfuil infheistíochtaí díreacha agus indíreacha aige i roinnt earnálacha a fud na hAraibe Sádaí agus an domhain, lena n-áirítear earnáil an bhia agus na talmhaíochta agus na hearnálacha fuinnimh, airgeadais, monaraíochta, réadmhaoine, lóistíochta agus digiteacha.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

3. Beidh mar ghníomhaíochtaí gnó ag JV Company iarann atá dí-ocsaídithe go díreach agus plátaí cruach troma a mhonarú agus a sholáthar do thríú páirtithe agus do Saudi Aramco, PIF agus a fhiontair chleamhnaithe faoi chomhaontuithe fadtéarmacha soláthair, i Ríocht na hAraibe Sádaí go príomha, agus ansin i dtíortha Chomhairle Comhair na Murascaille agus réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11193 — BAOSTEEL / SAUDI ARAMCO / PIF / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.